

**AN ROINN OIDEACHAIS
AGUS EOLAÍOCHTA**

**RIALACHA AGUS CLÁR
DO MHEÁNSCOILEANNA 2004/05**

A luach €12.70

FÉILIRE DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

1 Deireadh Fómhair	An dáta is déanaí chun aitheantas a thabhairt do scoileanna nua (féach Riail 11.)
6 Deireadh Fómhair	Liostaí Dheireadh Fómhair le seoladh chuig an Roinn.
Bealtaine/Meitheamh	Tréimhse na Scrúduithe.
Lúnasa/Meán Fómhair	Eisítear torthaí na Scrúduithe.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

RIALACHA AGUS CLÁR DO MHEÁNSCOILEANNA

2004/05

N.B. Tá breac-chuntas ar ábhar atá leagtha síos le haghaidh na scrúduithe teastais a reáchtálfar i Meitheamh 2005 agus i Meitheamh 2006 in Aguisín 3 agus Aguisín 4 faoi seach.

**BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH**

2

**nó tríd an bpost ó
FOILSEACHAIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Teil.: 01-647 6834/35/36/37; Facs: 01-647 6843)
nó trí aon díoltóir leabhar.**

© Cóipcheart Rialtas na hÉireann 2004

CLÁR ÁBHAR

RIALACHA: Alt:		LEATHANACH
	I. Sainmhínithe	4
	II. Coinníollacha chun Meánscoileanna a aithint	5
	III. Rialacha breise chun scoileanna nua a aithint	6
	IV. Curaclam agus Cúrsaí Teagaisc na Scoile	7
	V. Fianaise ar Aois Daltaí	12
	VI. Teistiméireachtaí agus Scrúduithe	13
	VII. Boinn do Cheapadóireacht i nGaeilge	22
	VIII. Fógra go bhfuil sé ar intinn daltaí a chur isteach ar scrúduithe, táillí, srl.	
	Gnáth-iarrthóirí	22
	Díolúine ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge	23
	IX. Cead isteach speisialta sna Scrúduithe Teistiméireachta	24
	X. Ranganna i Scoileanna Náisiúnta atá ag fáil teagaisc sa Chlár Meánscoile a aithint	26
	XI. Iompar iarrthóirí le linn na scrúduithe	28
	XII. Cumhachtaí Ginearálta	32
	XIII. Cumhachtaí speisialta i gcásanna eisceachtúla	32
	XIV. Tosach Feidhme na Rialacha	33

RIALACHA DO MHEÁNSCOILEANNA

De bhun agus de bhuanna na nAchtanna Oideachais 1878 agus 1998 agus de bhun gach cumhachta eile lena gcuirtear ar chumas an Aire, déanann an tAire Oideachais agus Eolaíochta leis seo, na rialacha seo a leanas chun críocho na nAchtanna sin:-

ALT I. – SAINMHÍNITHE.

1. Chun críche na rialacha seo –

ciallaíonn “an tAire” an tAire Oideachais agus Eolaíochta;

ciallaíonn “an Roinn” an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus follaíonn sé oifigigh atá údaraithe go cuí chun gníomhú thar ceann an Aire;

ciallaíonn “an Coimisiún” Coimisiún na Scrúduithe Stáit a bunaíodh leis an Ordú um Choimisiún na Scrúduithe Stáit (Bunú), 2003 a rinneadh faoi alt 54 den Acht Oideachais, 1998.

ciallaíonn “meánscoil” scoil atá aitheanta ag an Aire mar scoil a thugann teagasc i gcuraclam ceadaithe agus a chomhlíonann na Rialacha do Mheánscoileanna a rinne an tAire;

ciallaíonn “scoilbhliain” an tréimhse dar tosach an 1ú lá de Mheán Fómhair in aon bhliain agus dar críoch an 31ú lá de Lúnasa sa chéad bhliain eile ina dhiaidh sin;

ciallaíonn “an curaclam” an liosta de na hábhair a dtugtar teagasc iontu do dhaltaí na scoile i gcúrsaí a cheadaigh an tAire;

ciallaíonn “cúrsa ceadaithe” cúrsa teagaisc sna hábhair siúd a ordáitear chun críche na rialacha seo agus go bhfuil siollabas gach ábhair ceadaithe ag an Aire;

ciallaíonn “dalta aitheanta” dalta –

(i) atá 12 bhliain d’aois ar a laghad an 1ú lá de Eanáir den scoilbhliain;

(ii) a bhfuil, de ghnáth, cúrsa iomlán bunoidreachais críochnaithe aige; agus

(iii) a bhfuil cúrsa ceadaithe ar siúl aige;

ciallaíonn “dalta sóisearach aitheanta” dalta aitheanta a bhfuil cúrsa ar siúl aige nach airde a chaighdeán ná an caighdeán atá ordaithe do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh;

ciallaíonn “dalta sinsearach aitheanta” dalta aitheanta a bhfuil cúrsa Scrúdaithe Ardteistiméireachta nó cúrsa aitheanta eile de chuid na Sraithe Sinsearaí ar siúl aige.

ALT II. – COINNÍOLLACHA CHUN MEÁNSCOILEANNA A AITHINT.

RIALACHA GINEARÁLTA.

2. Ní mór áitreabh na scoile a bheith oiriúnach maidir le cóiríocht, trealamh, soilsiú, téamh agus sláintíocht.
3. Ní mór an tAire a bheith sásta i dtaobh oiriúnacht na socruithe atá déanta faoi bhainistíocht, foireann agus eagar na scoile. Ní mór leorlíon múinteoirí a bheith ar an bhfoireann agus iad a bheith cáilithe chun teagasc a thabhairt ar na hábhair sin sa chlár atá á múineadh acu. Ní mheasfar leorlíon foirne a bheith ann más é tuairim an Aire go bhfuil an líon daltaí i rang ar bith rómhór le gur féidir teagasc éifeachtach a thabhairt.
4. Ní mór na hábhair riachtanacha a bheith ar churaclam na scoile agus ní mór cion réasúnta de na daltaí a bheith ag fáil teagaisc ar gach ábhar díobh sin.
5. Ceanglaítear ar an mBainisteoir leor-shocruithe a dhéanamh chun an leabhar tinrimh scoile a sholáthraíonn an Roinn a choimeád sa tslí ordaithe, agus cuirfear síos ann cibé sonraí is gá maidir leis na daltaí uile atá ag freastal ar an scoil sin.
6. Beidh an leabhar tinrimh ar fáil lena iniúchadh in áitreabh na scoile ag oifigigh na Roinne.
7. Ceadóidh an Bainisteoir do Chigirí na Roinne cuairt a thabhairt ar an scoil chun éifeachtúlacht an teagaisc a thugtar a thástáil agus chun a fháil amach an bhfuil rialacháin na Roinne á gcomhlíonadh.
8. Cuirfidh an Bainisteoir faoi deara go gcuirfear na daltaí aitheanta atá ag freastal ar an scoil faoi cibé scrúduithe nó tástálacha eile a cheanglóidh an tAire agus ullmhóidh agus tabharfaidh sé don Roinn cibé taifid a iarrfar ar thorthaí na scrúduithe nó na dtástálacha sin.
9. Tabharfaidh an Bainisteoir don Roinn cibé tráthanna agus cibé slí a ordófar:
 - (a) Aon eolas is gá chun críocha rialachán na Roinne i dtaobh ainmneacha, cáilíochtaí agus coinníollacha fostaíochta chomhaltaí na foirne múinteoireachta.
 - (b) Cóipeanna de thráthchlár na scoile, den churaclam atá á theagasc agus den siollabas atá á shaothrú ag gach rang ar leith de dhaltaí aitheanta i ngach ábhar ar chlár na Roinne.
 - (c) Liosta (ar a dtugtar “liosta Dheireadh Fómhair”) de na daltaí uile atá ag gabháil do chúrsaí ceadaithe sa scoil.
10. Féadfaidh an tAire aitheantas a tharraingt siar ó scoil nach ndéanann aon choinníoll áirithe de na coinníollacha a bhaineann lena haithint a chomhlíonadh nó má tharlaíonn inti ar feadh dhá bhliain as a chéile, (a) gur lú ná 12 an líon daltaí aitheanta, nó (b) go bhfuil an teagasc a thugtar sa scoil neamhéifeachtach.

ALT III. – RIALACHA BREISE CHUN SCOILEANNA NUA A AITHINT.

11. Ní mór iarratas ar scoil nua a aithint i leith scoilbhliana ar bith a dhéanamh i scríbhinn agus é a chur ar aghaidh chun go sroichfidh sé oifig na Roinne ag tosach na scoilbhliana roimhe sin ach gan a bheith níos déanaí ná 1ú Deireadh Fómhair sa scoilbhliain sin. Chun críche an rialacháin seo, áireofar mar scoil nua scoil ar bith ar tarraingíodh siar a haitheantas ar chúis ar bith.

12. Ní thabharfar aitheantas do scoil nua mura mbeidh an tAire sásta, tar éis fiosrú cuí a dhéanamh, go ndearnadh socruithe sásúla le haghaidh bhainistíocht na scoile, agus nach bhfuil leor-sholáthar oiriúnach sa cheantar cheana le haghaidh oideachais iar-bhunscoile do na daltaí a bhfuil an scoil á beartú dóibh.

13. Ní dhéanfar iarratas ar aitheantas a bhreithniú i gcás aon scoile nach bhfuil, i dtuairim an Aire, leor-líon daltaí atá cáilithe chun a n-aitheanta inti nó nach leor an fhoireann mhúinteoireachta chun teagasc éifeachtúil a thabhairt ar na hábhair sin ar an gcuraclam a ordáítear i Riail 20. Ina theannta sin, nuair a bheidh iarratas ar aitheantas á bhreithniú, tabharfar aird chuí ar an gcosúlacht atá ann go méadóidh ar an scoil, go n-éireoidh léi agus go mairfidh sí.

14. Féadfar aitheantas scoile nua a chur faoi réir cibé coinníollacha maidir le curaclam is dóigh leis an Aire is inmhianaithe ag féachaint don soláthar le haghaidh oideachas iar-bhunscoile atá déanta sa cheantar cheana.

15. Ar feadh an chéad dá bhliain is aitheantas sealadach a thabharfar do scoil nua agus braithfidh athnuachan an aitheantais sin, nó a bhuanú, ar an scoil a bheith ag comhlíonadh cibé coinníollacha is dóigh leis an Aire is inmhianaithe chun go gcomhlíonfar go hiomlán na rialacháin.

16. Ní thabharfar aitheantas do scoil nua ar bith sa Ghaeltacht, ná in aon ionad in aice na Gaeltachta, mura ndéantar socrú sásúil chun ábhair an churaclaim a mhúineadh i nGaeilge sa scoil.

17. (a) Féadfar aitheantas a thabhairt do scoil d'Aicme A(1) in aon cheantar ina bhfuil an tAire sásta nach bhfuil leor-sholáthar cheana ann chun meánoideachas i nGaeilge a thabhairt do na daltaí a bhfuil an scoil á beartú dóibh.

(b) Ní thabharfar aitheantas, áfach, do scoil d'Aicme A(1) i ndáil le meánscoil atá ann cheana mura gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas (i dteannta na gcoinníollacha maidir le scoileanna d'Aicme A(1) a luaitear sna Rialacha um Dheontais a Íoc le Meánscoileanna): (i) de ghnáth, is gá nach mbeadh an líon iomlán daltaí atá cáilithe chun a nglactha mar dhaltaí aitheanta sa dá scoil níos lú ná 100, agus nach mbeadh an líon sa scoil d'Aicme A(1) níos lú ná 50; (ii) ní mór an chóiríocht le haghaidh obair ranga agus caitheamh aimsire dhaltaí na scoile d'Aicme A(1) a bheith ar leithligh ó chóiríocht na meánscoile eile; (iii) is gá gur múinteoirí eile seachas iad siúd atá fostaithe sa mheánscoil ina haice trí cheathrú ar a laghad den fhoireann mhúinteoireachta.

(c) Aon scoil a iarrfaidh aitheantas faoi mhír (b) roimhe seo mar scoil d'Aicme A(1) i mbliain ar bith agus nach bhfaighidh an t-aitheantas sin, áireofar í mar chuid den mheánscoil atá ann cheana, más rud é gur comhlíonadh na

rialacháin a rinne an tAire.

18. Má aithnítear scoil d’Aicme A(1) i ndáil le meánscoil atá ann cheana, faoi fhoráil Riail 17, agus nach mó ná 200 an líon iomlán de dhaltáí aitheanta, mar a mhínítear sin sna Rialacha um Breistuarastal, sa dá scoil, áireofar an dá scoil mar aon scoil amháin chun críche breistuarastal an ardmháistir (nó na hardmháistreása) a íoc, agus ní bheidh ach múinteoir amháin i dteideal an tuarastal sin a fháil mar ardmháistir (nó mar ardmháistreás); más mó ná 200 an líon iomlán de dhaltáí aitheanta sa dá scoil, féadfar gach scoil díobh a áireamh mar scoil ar leithligh chun críche breistuarastal an ardmháistir (nó na hardmháistreása).

19. Má iarrtar aitheantas do scoil d’Aicme A(1) i ndáil le meánscoil atá ann cheana, coimeádfar leabhar tinrimh ar leithligh do gach scoil díobh agus déanfar na foirmeacha agus na sonraí éagsúla dá dtagraítear i Riail 9 a thabhairt ar leithligh don Roinn i gcás gach scoile díobh.

ALT IV. – CURACLAM AGUS CÚRSAÍ TEAGAISC NA SCOILE.

20. Ní mór teagasc ar na hábhair seo a leanas, de réir siollabais a cheadaigh an tAire, a bheith ar churaclam meánscoile:-

- A. – Gaeilge.
- B. – Béarla.
- C.– Stair agus Tíreolaíocht
- D. – Matamaitic
- E. – Eolaíocht; nó teanga seachas Gaeilge agus Béarla; nó ábhar as grúpa an Staidéir Ghnó
- F. – Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil
- G. – Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Ba chóir do gach scoil beartas scoile comhaontaithe chomh maith le Clár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a bheith aici do dhaltáí na Sraithe Sinsearaí.

Ba chóir do gach scoil a bheith rannpháirteach go gníomhach i bpróiseas ina bhforbraítear agus ina gcomhaontaítear Beartas ar Úsáid Substaintí de réir Ghníomh 43 den Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Imlitir 18/02.

Ba chóir Corpoideachas a bheith mar chuid den churaclam. Ba chóir an clár a bheith bunaithe ar an Siollabas ceadaithe i gCorpoideachas (Leathanach 141) agus ba chóir na huairteanna teagaisc a chlárú ar thráthchlár na scoile. Cuireadh tús le siollabas athbheithnithe le haghaidh Corpoideachais (gan scrúdú) a thabhairt isteach de réir a chéile i Meán Fómhair 2003 ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Forbraíodh na siollabais Chorpoideachais ar bhonn leithdháileadh ama dhá uaire in aghaidh na seachtaine.

Ba chóir do gach scoil a chinntiú go bhfuil teacht ag na daltaí ar theoir chúil chun cabhrú leo roghanna oideachais agus gairmréime a dhéanamh. Gníomhaíocht scoile uile is ea Treoir agus Comhairleoireacht agus ní mór do scoileanna Plean Treorach Scoile a chomhaontú a chuirfear i ngníomh ar fud gach grúpa bliana.

Ina theannta sin ba chóir soláthar a dhéanamh don amhránaíocht sa churaclam. Ba chóir an soláthar d'amhránaíocht a chur san áireamh ar thráthchlár na scoile.

21. (1) (a) Ní foláir gurb í 3 bliana tréimhse na Sraithe Sóisearaí i ngach scoil. Ní mór na hábhair seo a leanas a bheith sa chúrsa ceadaithe do dhaltáí sóisearacha aitheanta:

- (i) Gaeilge
- (ii) Béarla
- (iii) Matamaitic
- (iv) Stair agus Tíreolaíocht
- (v) Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil
- (vi) Dhá ábhar eile ar a laghad ó liosta ceadaithe na n-ábhar scrúdaithe
- (vii) Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (gan scrúdú) le héifeacht ó Mheán Fómhair 2003.

Ina theannta sin glacann an tAire le **Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh** mar chúrsa ceadaithe do dhaltáí sóisearacha aitheanta sna scoileanna sin ina bhfuil cead tugtha ag an Aire go dtabharfaí isteach é.

Tá clár Treorach agus Comhairleoireachta iomchuí ag teastáil ó dhaltáí an Teastais Shóisearaigh agus go háirithe ó na daoine óga sin atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath, d'fhonn cabhrú leo roghanna agus aistriú a dhéanamh sna réimsí pearsanta/sóisialta agus sna réimsí oideachais agus gairmréime.

- (b) Ní mór don tSraith Shinsearach i ngach scoil na forálacha in Imlitreacha M31/93; M47/93 agus M2/95 a chomhlíonadh (féach Aguisín 1).

Tá gá ag daltaí na Sraithe Sinsearaí le rochtain ar Threoir agus Comhairleoireacht agus ar chlár iomchuí chun cabhrú leo lena gcuid roghanna gairmréime agus leis an aistriú ón oideachas dara leibhéal.

I gcás na **hArdteistiméireachta** bunaithe ní mór cúig cinn de na hábhair atá sonraithe i mír (2)(b) den rial ar a laghad a bheith san áireamh sa chúrsa ceadaithe do dhaltáí sinsearacha aitheanta. Ní mór Gaeilge a bheith ar cheann de na hábhair seo.

I gcás **Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)** ní mór iad seo a leanas a bheith san áireamh sa chúrsa ceadaithe do dhaltáí sinsearacha aitheanta:-

- Dhá ábhar Ardteistiméireachta as ceann de na Grúpálacha Ábhair;
- Nuatheanga Eorpach Ardteistiméireachta nó Modúl Teanga Gairme;
- Nasc-mhodúil – *Ullmhú do Shaol na hOibre agus Oideachas Fiontair.*

Ní mór do dhaltáí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta cúig ábhar Ardteistiméireachta a thógáil ar a laghad. Beidh Gaeilge ar cheann díobh seo.

Ina theannta sin glacann an tAire leis an **Ardteistiméireacht Fheidhmeach** mar chúrsa ceadaithe do dhaltáí sinsearach aitheanta sna scoileanna sin ina bhfuil cead tugtha ag an Aire go dtabharfaí isteach é.

- (c) I gcás dalta a bhí roimhe sin ag saothrú cúrsa ceadaithe i ngairmscoil, i gcoláiste pobail nó i scoil chuimsitheach nach raibh Stair agus Tíreolaíocht mar chuid dá c(h)úrsa féadfaidh sé/sí ábhar den chúrsa sin a thógáil in ionad Staire agus Tíreolaíochta chun críocha míre (a) thuas.

I gcásanna faoi leith, d'fhéadfadh sé go gceadóidh an tAire freisin, ábhar eile as na hábhair atá ar chlár na Roinne a thógáil in ionad Staire agus Tíreolaíochta chun críocha Riall 21(1)(a).

- (d) Más dóigh leis an Aire na himthosca a bheith eisceachtúil, féadfaidh sé glacadh le hábhar nach bhfuil ar Chlár na Roinne mar cheann de na seacht n-ábhar is gá faoi mhír (a) thuas nó mar cheann de na cúig ábhar is gá faoi mhír (b) thuas, ar choinníoll go gcuirfear an siollabas faoi bhráid an Aire agus go gceadóidh sé é.

Féadfaidh an tAire glacadh chomh maith mar chúrsa ceadaithe chun críche na rialacha seo le cúrsa a chuirtear ar fáil i meánscoil seachas mar a shainítear i Riall 21(1), (a) nó (b) thuas, nuair a mheasann an tAire go rachadh sin chun leasa na ndaltáí atá i gceist, agus a mhéid a bhfuil fáil ar chúrsaí dá saghas i scoileanna nó in institiúidí eile á chur san áireamh. Ní mór faomhadh a fháil do chúrsa malartach dá leithéid sula dtosaítear ar an gcúrsa, agus féadfaidh sé a bheith faoi réir ag cibé coinníollacha is mian leis an Aire a leagan síos.

- (e) Féadfaidh leanaí le heachtrannaigh arb ionadaithe taidhleoireachta nó consalachta in Éirinn iad aon ábhar eile ó liosta na n-ábhar ceadaithe a thógáil in ionad na Gaeilge.

(2) Is iad seo a leanas na hábhair atá ceadaithe ag an Aire chun críocha na rialach seo:-

- (a) Ábhair atá ceadaithe do dhaltáí sóisearacha aitheanta:

- | | |
|-----------------------------|---------------------------------------|
| (1) Gaeilge | (15) Eacnamaíocht Bhaile |
| (2) Béarla | (16) Ceol |
| (3) Matamaitic | (17) Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh |
| (4) Stair agus Tíreolaíocht | (18) Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) |
| (5) Laidin | (19) Miotalóireacht |
| (6) Sean-Ghréigis | (20) Grafaic Theicniúil |
| (7) Léann Clasaiceach | (21) Staidéar Gnó |

- | | |
|----------------------|---|
| (8) Léann Eabhrach | (22) Clóscríobh |
| (9) Fraincis | (23) Eolas Imshaoil agus Daoneolas## |
| (10) Gearmáinis | (24) Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil |
| (11) Spáinnis | (25) Oideachas Reiligiúnach |
| (12) Iodáilis | |
| (13) Eolaíocht# | |
| (14) Teicneolaíocht* | |

Tugadh siollabas athbhreithnithe d'Eolaíocht, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, isteach ar bhonn roghnach i Meán Fómhair 2003 le haghaidh scrúdaithe i Scrúdú an Teastais Shóisearaigh i 2006 agus sna blianta dá éis.

Ba chóir do gach scoil a thairgeann Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh an siollabas athbhreithnithe a chur i ngníomh d'iontrálaithe nua ar an tSraith Shóisearach ó Mheán Fómhair 2004 agus sna blianta dá éis, ach amháin scoileanna nach bhfuil ar a gcumas é seo a dhéanamh agus a bhfuil maolú á lorg acu faoi Imlitir M42/04 – Mír 2.9.

* Ní bheidh Scrúdú an Teastais Shóisearaigh i dTeicneolaíocht ar fáil ach do na hiarrthóirí a leanann an clár sna scoileanna siúd inar cheadaigh an tAire go dtabharfaí isteach é.

Tá an t-ábhar Eolas Imshaoil agus Daoneolas teoranta do na scoileanna siúd a thairg clár Léann Daonna nó clár Staidéir Imshaoil agus Shóisialta roimhe seo agus ní fhéadfar é a thairiscint ach sna scoileanna sin amháin mar ábhar malartach in ionad Staire agus Tíreolaíochta.

(b) Ábhair atá ceadaithe do dhaltáí sinsearacha aitheanta;

- | | |
|-----------------------------|---|
| (1) Gaeilge | (19) Bitheolaíocht |
| (2) Béarla | (20) Eacnamaíocht Talmhaíochta |
| (3) Laidin | (21) Innealtóireacht |
| (4) Sean-Ghréigis | (22) Líníocht Theicniúil |
| (5) Léann Clasaiceach | (23) Staidéar Foirgníochta |
| (6) Léann Eabhrach | (24) Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíocht agus Sóisialta |
| (7) Fraincis | (25) Cuntasaíocht |
| (8) Gearmáinis | (26) Gnó |
| (9) Iodáilis | (27) Eacnamaíocht |
| (10) Spáinnis | (28) Stair Eacnamaíoch## |
| (11) Stair# | (29) Ealaín (Ceardaíochtaí san áireamh) |
| (12) Tíreolaíocht# | (30) Ceol |
| (13) Matamaitic | (31) Rúisis |
| (14) Matamaitic Fheidhmeach | (32) Araibis |
| (15) Fisic | (33) Seapáinis |
| (16) Ceimic | (34) Oideachas Reiligiúnach* |

- (17) Físic agus Ceimic
 (18) Eolaíocht Talmhaíochta

Tá grúpáil mar a leanas déanta ar na hábhair seo:-

Grúpa na dteangacha: Gaeilge, Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis, Laidin, Sean-Ghréigis, Léann Eabhrach, Léann Clasaiceach, Rúisis, Araibis, Seapáinis.

Grúpa na nEolaíochtaí: Matamaitic, Físic, Ceimic, Físic agus Ceimic, Bitheolaíocht, Matamaitic Fheidhmeach.

Grúpa an Staidéir Ghnó: Cuntasaíocht, Gnó, Eacnamaíocht, Stair Eacnamaíoch

Grúpa na hEolaíochta Feidhmí: Innealtóireacht, Líníocht Theicniúil, Staidéar Foirgníochta, Físic agus Ceimic, Eolaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíocht agus Sóisialta.

Grúpa an Staidéir Shóisialta: Stair, Tíreolaíocht, Ealaín (Ceardaíochtaí san áireamh), Ceol.

Moltar go dtógfaidh gach dalta trí ábhar ar a laghad as an ngrúpa ábhar is mó a bhfuil luí aige/aici leis, mar aon le dhá ábhar ar a laghad nach den ghrúpa sin iad, ach téarmaí Riail 37 (g) a chur san áireamh.

* Tá siollabas le haghaidh Oideachais Reiligiúnaigh ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal á thabhairt isteach ar bhonn céimnithe, ó Mheán Fómhair 2003 don Scrúdú Ardteistiméireachta i 2005 agus ina dhiaidh sin. Beidh sé ar fáil do dhaltaí i scoileanna Chéim 1 (Oideachas Reiligiúnach an Teastais Shóisearaigh) ó Mheán Fómhair 2003 agus do scoileanna Chéim 1 & Chéim 2 ó Mheán Fómhair 2004.

#Tá siollabais athbhreithnithe do Thíreolaíocht agus Stair á dtabhairt isteach i Meán Fómhair 2004 don Scrúdú Ardteistiméireachta i 2006 agus ina dhiaidh sin.

Cuirfear deireadh le Stair Eacnamaíoch mar ábhar ar leith. Cuirfear scrúdú ar siúl ann an uair dheireanach i Scrúdú na hArdteistiméireachta i Meitheamh 2005.

22. Ní bheidh dalta cáilithe chun é a ligean isteach ar chúrsa Scrúdaithe Ardteistiméireachta mura rud é gur shaothraigh sé/sí cúrsa ceadaithe Scrúdaithe Teastais Shóisearaigh de thrí bliana ar a laghad mar dhalta aitheanta nó cúrsa oideachais dá chomhchaighdeán agus dá chomhfhad seachas i meánscoil.

23. Tá an tAire sásta aitheantas a thabhairt, mar chúrsaí ceadaithe, do chúrsaí sa chlár meánscoile atá á saothrú ag ranganna i scoileanna náisiúnta, ina gcomhlíontar na coinníollacha is gá. (Tá na coinníollacha le haghaidh an aitheantais sin leagtha amach in alt X).

ALT V. – FIANAISE AR AOIS DALTAÍ.

24. (1) Chun críche ar bith faoi na rialacha seo glacfaidh an tAire mar fhianaise shásúil aoise le deimhniú ó Bhainisteoir na Scoile gurb ionann dáta breithe ar an deimhniú sin agus é sin a thaispeántar ar chlár poiblí breitheanna. Chun a chur ar a c(h)umas an deimhniú a thabhairt ní mór don bhainisteoir sliocht deimhnithe as clár dá leithéid a fháil ón dalta. Sa chás nach féidir an sliocht deimhnithe sin a fháil **agus sa chás sin amháin**, ní miste don bhainisteoir a d(h)eimhniú féin a thabhairt ar bhonn ráitis dheimhnithe ón Ard-Chláraitheoir nó ó Chláraitheoir Cúnta na mBreitheanna don limistéir inar rugadh an dalta, nár cláraíodh breith an dalta, mar aon le

- (a) deimhniú baiste ar a mbeidh dáta an bhaiste agus an dáta breithe, **nó**
- (b) dearbhú reachtúil ó thuismitheoir nó caomhnóir a luann ar an modh a ordaítear, an dáta breithe agus a shonróidh freisin,
 - (i) an chaoi is feasach don dearbhóir an dáta a luaitear amhlaidh, **agus**
 - (ii) na fáthanna nach féidir sliocht deimhnithe as clár poiblí breitheanna a fháil.

(2) I gcás daltaí a rugadh thar lear is féidir leis an mbainisteoir a d(h)eimhniú aoise a bhunú ar dhoiciméad ar bith díobh seo a leanas mar fhianaise aoise, ach é/í a bheith sásta (a) nach féidir sliocht deimhnithe as clár poiblí breitheanna a fháil, agus (b) go bhfuil an doiciméad fiordheimhnithe go cuí agus go bhfuil an dáta breithe luaite ann:-

- (i) deimhniú breithe nó baiste a tógadh as clár breitheanna nó baistí aon Eaglaise, Chumann Misinéireachta, Taifid Reisiminte Airm, Chonsalacht nó Taifid Loinge;
- (ii) dearbhú maidir leis an dáta breithe ó thuismitheoir nó caomhnóir i láthair Nótaire Phoiblí, Breithimh nó Consail. Ní foláir a insint go sonrach sa dearbhú sin cad iad na fáthanna nach féidir aon doiciméad dá luaitear in (i) a fháil.

ALT VI. – TEISTIMÉIREACHTAÍ AGUS SCRÚDUITHE.

25. (i) Déanfar scrúduithe (dá ngairtear na Scrúduithe Teistiméireachta anseo feasta) le haghaidh teistiméireachtaí a bhronnadh de réir na rialacha seo a leanas gach bliain mar a shocróidh an Coimisiún. Beidh an scrúdú i ngach ábhar bunaithe ar an gClár don ábhar sin a fhoilsíonn an Roinn ó am go chéile.

(ii) I gcás an Teastais Shóisearaigh beidh an scrúdú i ngach ábhar bunaithe ar na cláir atá sonraithe in Imlitir M16/89, mar a leasaíodh é (féach Aguisín 2).

(iii) I gcás na hArdteistiméireachta bunaithe beidh an scrúdú i ngach ábhar i 2005 agus 2006 bunaithe ar na cláir atá leagtha amach sna Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna 2004/05 ach amháin maidir leis na hábhair –

Matamaitic: mar ar tugadh isteach siollabas athbhreithnithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal don scrúdú i 1994 agus ina dhiaidh sin agus mar ar tugadh isteach siollabas nua ag an mBunleibhéal i 1997 agus ina dhiaidh sin,

Gaeilge: mar ar tugadh isteach siollabas nua ag an mBunleibhéal don scrúdú i 1996 agus ina dhiaidh sin agus mar ar tugadh isteach siollabas athbhreithnithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal don scrúdú i 1997 agus ina dhiaidh sin,

Cuntasaíocht, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis: mar ar tugadh isteach siollabais athbhreithnithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal do na scrúduithe i 1997 agus ina dhiaidh sin,

Ceol agus Gnó: mar ar tugadh isteach siollabais athbhreithnithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal don scrúdú i 1999 agus ina dhiaidh sin,

Béarla: mar ar tugadh isteach siollabas athbhreithnithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal don scrúdú i 2001 agus ina dhiaidh sin,

Fisic agus Ceimic: mar ar tugadh isteach siollabais athbhreithnithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal don scrúdú i 2002 agus ina dhiaidh sin,

Rúisis: mar ar tugadh isteach siollabas nua ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal don scrúdú i 2003 agus ina dhiaidh sin,

Araibis agus Seapáinis: mar ar tugadh isteach siollabais athbhreithnithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal don scrúdú i 2004 agus ina dhiaidh sin,

Bitheolaíocht agus Eacnamaíocht Bhaile: mar ar tugadh isteach siollabais athbhreithnithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal don scrúdú i 2004 agus ina dhiaidh sin,

Oideachas Reiligiúnach: mar a bhfuil siollabas nua ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal á thabhairt isteach ar bhonn céimnithe ó Mheán Fómhair 2003 don Scrúdú Ardteistiméireachta 2005 agus ina dhiaidh sin. Tá sé ar fáil do dhaltaí i scoileanna Chéim 1 (Oideachas Reiligiúnach an Teastais Shóisearaigh) ó Mheán Fómhair 2003 agus do scoileanna Chéim 1 agus Chéim 2 ó Mheán Fómhair 2004.

Stair agus Tíreolaíocht: mar a bhfuil siollabais athbhreithnithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal á dtabhairt isteach don scrúdú i 2006 agus ina dhiaidh sin.

Stair Eacnamaíoch: cuirfear deireadh leis mar ábhar ar leithligh. Scrúdófar é den uair dheiridh i Scrúdú na hArdteistiméireachta i Meitheamh 2005.

(iv) Beidh an t-ábhar ordaithe (drámaí, próis, filíocht srl) do scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta bunaithe i Meitheamh 2005 mar atá sonraithe anseo istigh in Aguisín 3. Beidh an t-ábhar ordaithe do scrúduithe 2006 mar atá sonraithe anseo istigh in Aguisín 4.

(v) Maidir leis na hábhair Innealtóireacht agus Staidéar Foirgníochta i scrúdú na hArdteistiméireachta, déanfar na gráid a bheidh le bronnadh a bhunú ar na marcanna mar atá leagtha amach in imlitreacha S18/89 agus S19/89.

Tá cóipeanna d'implitreacha S18/89 agus S19/89 ar fáil ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

26. Tabharfaidh an Coimisiún fógra cuí i dtaobh na dtráthanna a reáchtálfar na Scrúduithe Teistiméireachta.

27. Féadfaidh an Roinn agus/nó an Coimisiún cibé scrúduithe eile (i dteannta na Scrúduithe Teistiméireachta) a reáchtáil is dóigh leis an Aire is riachtanach chun an dul chun cinn a rinne daltaí aitheanta agus an caighdeán a shroich siad a thástáil.

28. Is maoin de chuid an Choimisiúin iad na hábhair uile (freagarleabhair, páipéar líníochta, léarscáileanna, léaráidí, pictiúir, scrúdpháipéir, téipeanna srl.) a eisíonn an Coimisiún chun críche freagraí na n-iarrthóirí ar na ceisteanna a chuirtear sna scrúduithe a thairfeadh agus fanann siad mar sin. Déantar maoin de chuid an Choimisiúin d'ábhair nach n-eisíonn an Coimisiún ach a chuirtear go dtí an Coimisiún le haghaidh marcála.

29. Beidh de rogha ag iarrthóirí, mura n-ordófar a mhalairt, freagairt i nGaeilge nó i mBéarla sna Scrúduithe Teistiméireachta ach amháin i gcás na n-ábhar Gaeilge agus Béarla agus i gcás ceisteanna sna hábhair teanga eile ina sonraítear úsáid na sprioctheanga. Cuirfear leaganacha Gaeilge nó Béarla ar fáil d'iarrthóirí de réir mar a chuirtear in iúl ar a bhfoirmeacha iontrála.

Aon iarrthóir a fhreagraíonn i nGaeilge, sa scrúdú scríofa sna hábhair faoi leith atá luaite thíos, féadfaidh sé/sí marcanna bónais 10% a fháil i dteannta na marcanna a ghnóthóidh sé/sí san ábhar.

Tabharfar marcanna bónais 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a ghnóthóidh níos lú ná 75% de na marcanna iomlána sna hábhair seo a leanas:- Laidin, Sean-Ghréigis, Léann Clasaiceach, Léann Eabhrach, Stair, Tíreolaíocht, Fisic, Ceimic, Fisic agus Ceimic, Bitheolaíocht, Eolaíocht, Gnó, Eacnamaíocht, Stair Eacnamaíoch, Eolaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Staidéar Gnó, Stair agus Léirtheiscint na hEalaíne, Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil, Oideachas Reiligiúnach, Araibis, Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta – an Ghné Scríofa amháin. Tabharfar marcanna bónais 5% d'iarrthóir a ghnóthóidh níos lú ná 75% de na marcanna iomlána sna hábhair seo a leanas:- Francis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis, Matamaitic, Matamaitic Fheidhmeach, Cuntasaíocht, Innealtóireacht, Staidéar Foirgníochta, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), Miotalóireacht, Teicneolaíocht, Clóscríobh, Rúisis, Seapáinis. Tabharfar marcanna bónais 3% d'iarrthóir a ghnóthóidh níos lú ná 75% de na marcanna iomlána sna hábhair Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh (Teastas Sóisearach). Os cionn 75% déanfar laghdú aonfhoirmeach ar an mbónas nach mbeidh bónas ar bith le fáil ag iarrthóir a ghnóthóidh 100%.

Ní thabharfar bónas ar bith i gcás na n-ábhar seo a leanas: - Grafaic Theicniúil, Líníocht Theicniúil, Ealaín na hArdteistiméireachta (seachas Stair agus Léirthuisceint na hEalaíne).

Chun críche marcanna bónais a thabhairt áireofar mar ábhar ar leithligh Matamaitic Páipéar I agus Páipéar II.

Ní thabharfar marcanna bónais d'iarrthóirí a thugann cuid den bhfreagairt as Gaeilge agus cuid di as Béarla.

30. Féadfar, d'fhonn cead isteach sna Scrúduithe Teistiméireachta, cúrsa staidéir in ábhar nó in ábhair áirithe a cheadú a rinne dalta in áit seachas i meánscoil, i ngairmscoil, i gcoláiste pobail, i scoil phobail, i scoil chuimsitheach nó sa mheánroinn cheadaithe de Scoil Náisiúnta, má tá an tAire sásta gur cuí é i gcúinsí an cháis. Scoil ar bith ar mian léi an cead sin a fháil, ní mór di é a iarraidh roimh an 31 Deireadh Fómhair.

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

(Nóta. – Is é is aidhm do chúrsa an Teastais Shóisearaigh ná oideachas ginearálta dea-mheáite a sholáthar atá oiriúnach do dhaltaí a fhágfaidh oideachas lánaimseartha i ndeireadh na scolaíochta éigeantaí, nó, de mhalairt air sin, ar mian leo dul i gceann cúrsaí staidéir níos airde.)

31. Chun a bheith i dteideal cead isteach i Scrúdú an Teastais Shóisearaigh ní foláir do dhalta

- (1) (i) cúrsa Teastais Shóisearaigh ceadaithe a bheith críochnaithe aige/aici nach lú ná trí bliana a thréimhse, mar dhalta aitheanta i meánscoil nó i scoil náisiúnta (féach Alt X);
nó
- (ii) cúrsa Teastais Shóisearaigh ceadaithe a bheith déanta aige/aici nach lú ná trí bliana a thréimhse, i ngairmscoil nó i gcoláiste pobail. Ní mór go bhfolóidh an cúrsa Teastais Shóisearaigh ceadaithe do dhalta i ngairmscoil nó i gcoláiste pobail teagasc sna hábhair seo a leanas i ngach bliain:-
 - (a) Gaeilge
 - (b) Béarla
 - (c) Matamaitic
 - (d) Grafaic Theicniúil nó Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh nó Eacnamaíocht Bhaile nó Staidéar Gnó;
 - (e) Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil;
 - (f) Dhá ábhar eile ar a laghad as an liosta ceadaithe;
 - (g) Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (gan scrúdú) le héifeacht ó Mheán Fómhair 2003.
 nó
- (iii) cúrsa Teastais Shóisearaigh aitheanta nach lú a thréimhse ná trí bliana a bheith críochnaithe aige mar dhalta i scoil phobal nó i scoil chuimsitheach. Ní mór go bhfolóidh an cúrsa ceadaithe do dhaltaí i scoil chuimsitheach na hábhair a chuimsíonn croí coiteann éigeantach na n-ábhar atá i gcuraclam scoileanna cuimsitheacha ó am go chéile.

Ní mór go bhfolóidh croí coiteann éigeantach na n-ábhar i gcuraclam scoileanna cuimsitheacha agus scoileanna pobail Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil chomh maith le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (gan scrúdú) le héifeacht ó Mheán Fómhair 2003.

(2) agus a bhfuil 100 tinreamh, ar a laghad, déanta acu i ngach bliain den chúrsa; is féidir glacadh le níos lú ná céad tinreamh sna cúinsí seo a leanas:

(a) An dalta a bheith as láthair de bharr breoiteachta ar feadh tréimhse fada, agus gan a bheith in ann, dá thoradh sin, céad tinreamh a dhéanamh;

(b) Gur breoiteacht í de shaghas nach gcoisceann ar dhalta cúrsa staidéir, faoi threoir údaráis na scoile, a dhéanamh go príobháideach;

(c) Go soláthraítear teastas dochtúra i dtaobh (a) agus (b) thuas;

(d) Go ndeimhníonn údaráis na scoile ag deireadh na bliana go ndearna an dalta a c(h)úrsa staidéir i rith na bliana, agus gur dalta é/í atá ullamh cúrsa staidéir na céad bliana eile a dhéanamh.

Ní bheidh dalta sinsearach aitheanta (dalta atá i mbun Chlár na hIdirbhliana san áireamh) incháilithe chun dul faoi scrúdú an Teastais Shóisearaigh ach amháin má tá sé/sí i mbun staidéir Ab Initio na Fraincise, na Gearmáinise, na Spáinnise nó na hIodáilise. Sa chás seo beidh sé/sí incháilithe chun cead isteach i scrúdú an Teastais Shóisearaigh sna hábhair seo nuair a bheidh sé/sí ag déanamh scrúdú na hArdteistiméireachta agus ansin amháin.

32. (i) Is iad na hábhair a shonraítear i Riail 21 (2) (a) na hábhair i Scrúdú an Teastais Shóisearaigh.

(ii) Leagfar amach páipéir ar leithligh ag an Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bunleibhéal sna hábhair Gaeilge, Matamaitic agus Béarla. Maidir leis na hábhair eile seachas Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil nach scrúdófar ach ag aon leibhéal amháin, leagfar amach páipéir ag an nGnáthleibhéal agus an Ardleibhéal araon.

33. (i) Taispeánfar torthaí Scrúdú an Teastais Shóisearaigh mar ghráid, gach grád díobh ag léiriú réimse céatadáin marcanna mar a leanas:

Grád	Réimse marcanna céatadáin
A	85 nó níos mó
B	70 ach faoi bhun 85
C	55 ach faoi bhun 70
D	40 ach faoi bhun 55
E	25 ach faoi bhun 40
F	10 ach faoi bhun 25
gan aon ghrád	Faoi bhun 10

- (ii) Bronnfar ar gach iarrthóir teistiméireacht a thaispeánfaidh na gráid a ghnóthaigh sé/sí sa scrúdú. Is mar ghráid amháin a thaispeánfar na torthaí ar na teastais.
34. (i) Ní ceadmhach d'iarrthóirí na hábhair seo a leanas a ghlacadh ag an scrúdú céanna:
- (a) Léann Clasaiceach agus Laidin
 - (b) Léann Clasaiceach agus Sean-Ghréigis
- (ii) Sa scrúdú Béarla d'fhéadfaí measúnú ar chumas labhartha a chur san áireamh; sa scrúdú Gaeilge agus nuatheangacha na mór-roinne d'fhéadfaí scrúdú béil mar rogha a chur san áireamh. Sa scrúdú Staire agus Tíreolaíochta d'fhéadfadh measúnú ar obair thionscadail agus obair allamuigh a bheith san áireamh. Cuirfear na marcanna a bhronntar i leith gach measúnaithe nó scrúdú béil roghnach leo siúd a gnóthaíodh sa pháipéar scríofa agus socróidh líon iomlán na marcanna grád an iarrthóra san ábhar.
- (iii) Cuimseoidh an scrúdú i dTeicneolaíocht Ábhar (Adhmad) obair chúrsa phraiticiúil (200 marc) mar aon le scrúdú teorice (100 marc).
- (iv) Tá 400 marc le gnóthú sa Scrúdú Míotalóireachta agus tá dhá chuid ann:
- (a) *Teicníochtaí agus Dearadh*. Cuimsíonn sé an obair phraiticiúil ar fad agus tá 300 marc ar fáil ann. Maidir leis an Ardleibhéal, tá 100 marc leithdháilte don scrúdú scríofa, 150 marc don obair chúrsa phraiticiúil agus 150 marc do scrúdú praiticiúil. Maidir leis an nGnáthleibhéal, tá 300 marc leithdháilte d'obair chúrsa phraiticiúil agus ní réachtáiltear aon scrúdú praiticiúil.
 - (b) *Ábhair agus Teicneolaíocht*. Is é seo an tuiscint theicniúil agus theicneolaíoch ghaolmhar a scrúdaítear i scrúdú scríofa agus tá 100 marc le gnóthú.
- (v) I scrúdú an Staidéir Ghnó scrúdaítear an Gnáthleibhéal in aon pháipéar amháin agus scrúdaítear an tArdleibhéal in dhá pháipéar - tá 240 marc le gnóthú i bpáipéar 1 agus tá 160 marc le gnóthú i bpáipéar 2.
- (vi) Sa scrúdú Ealaíne, Ceardaíochta agus Dearaidh scrúdaítear obair chúrsa phraiticiúil ina bhfuil 300 marc le gnóthú. Ina theannta sin déantar scrúdú líníochta ina bhfuil 100 marc le gnóthú.
- (vii) Déanfar siollabas athbhreithnithe Eolaíochta an Teastais Shóisearaigh a scrúdú den chéad uair i 2006 agus is ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal a dhéanfar é a mheasúnú trí scrúdú scríofa mar aon le hobair chúrsa. Leithdháilfear 65% d'iomlán na marcanna scrúdaithe don scrúdú scríofa. Beidh dhá chuid i measúnú an obair chúrsa: Obair Chúrsa A (dar luach 10%) agus Obair Chúrsa B (dar luach 25%).

Déanfar an siollabas eolaíochta a bhí ann roimhe seo agus a tugadh isteach i 1989, a scrúdú go 2006 ar a laghad. Ar scrúdú an tsiollabais seo áirítear rogha Staidéar Áitiúil a scrúdaítear trí inniúlacht phraiticiúil a thástáil ó bhéal. Tá an rogha Staidéar Áitiúil ar fáil ag an Ardleibhéal agus

ag an nGnáthleibhéal. Is é luach an rogha Staidéar Áitiúil ná 20% agus 33 $\frac{1}{3}$ % den scrúdú iomlán ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal faoi seach.

- (viii) Maidir le Staidéar Imshaoil agus Sóisialta, scrúdaítear, ag an dá leibhéal, obair chúrsa phraiticiúil dar luach 80 marc mar aon le scrúdú scríofa dar luach 120 marc.
- (ix) Beidh na mionsonraí maidir leis an scrúdú Eacnamaíochta Baile agus Ceoil de réir mar a cuireadh in iúl ar leithligh iad do na húdaráis scoile.
- (x) Is é a ghabhann leis an scrúdú in Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil ná Tionscadal Gnímh nó Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa dar luach 180 marc mar aon le scrúdú scríofa dar luach 120 marc.

AN SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA BUNAITHE.

(Nóta. – Is é is aidhm agus cuspóir do chúrsa na hArdteistiméireachta bunaithe ná daltaí a ullmhú le bualadh láithreach faoin saol, nó dul ar aghaidh chun breisoideachais. Is triail ghnóthachtála é an scrúdú ar an gcuid is mó de.

Comhairlítear d'fhostóirí agus do dhaoine eile ar mian leo feidhm a bhaint as chun críocha roghnaíochta, trialacha breise dá gcuid féin a thionscnamh a mheasúnódh infheidhmeacht in ionad gnóthachtála. Leagfar caighdeán arda síos i scrúdú na hArdteistiméireachta agus moltar go láidir gan daltaí a chur isteach ar an iomarca ábhar - gan níos mó ná seacht gcinn ar aon chuma).

35. (1) Chun a bheith cáilithe le cead isteach sa scrúdú Ardteistiméireachta bunaithe, ní foláir do dhaltá cúrsa na hArdteistiméireachta bunaithe a bheith críochnaithe aige/aici mar dhaltá sinsearach aitheanta i meánscoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad

nó

téarmaí Riail 22 a bheith comhlíonta aige/aici, cúrsa na hArdteistiméireachta bunaithe a bheith críochnaithe aige/aici de réir mar atá sonraithe i Riail 21 (1) (b) ar feadh dhá bhliain i ngairmscoil nó i gcoláiste pobail (a bhfuil sraith shinsearach aitheanta aige); i scoil phobail nó i scoil chuimsitheach.

(2) Bronnfar cion de na marcanna i leith na n-ábhar Eacnamaíocht Bhaile, Staidéar Foirgníochta, Eolaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht Talmhaíochta agus Innealtóireacht trí mheasúnú nó obair phraiticiúil a dhéanann na daltaí le linn a gcúrsa staidéir.

Ní ghlacfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit le hObair Chúrsa Phraiticiúil le haghaidh a measúnaithe ach amháin más faoi na coinníollacha seo a leanas a críochnaíodh í (Tá na socrúithe mínithe ina n-iomláine in Imlitreacha S74/03 agus S75/03 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit)

- Ní mór an t-ábhar a bheith ar an tráthchlár (agus an tráthchlár a bheith ar fáil do phearsanra an Choimisiúin)
- Ní mór an scoil/ionad a bheith ar fáil le haghaidh monatóireachta ó phearsanra an Choimisiúin

- Ní mór an obair chúrsa phraiticiúil a bheith críochnaithe faoi na coinníollacha is gá de réir mar atá leagtha amach i leith gach ábhair ar leith
- Ní mór obair chúrsa phraiticiúil a dhéanamh faoi mhaoirseacht múinteoir ranga agus an obair a bheith fiordheimhnithe ag an múinteoir agus ag an bpríomhoide de réir mar atá leagtha síos san imlitir seo.

De bhreis air seo ní mór an obair chúrsa phraiticiúil a dhéanamh i suíomh ainmnithe ina bhfuil na háiseanna cuí ar fáil d'Obair Chúrsa Phraiticiúil an duine aonair sna hábhair **Eacnamaíocht Bhaile, Staidéar Foirgníochta agus Innealtóireacht na hArdteistiméireachta.**

- (3) Ós rud é gur leagadh amach na siollabais i gCeimic, i bhFisic agus i mBitheolaíocht ar an mbonn go gcaithfidh na daltaí sciar cuí ama le hobair shaotharlainne/phraiticiúil, ní ligfear iarrthóir isteach ar an Scrúdú Ardteistiméireachta sna hábhair sin i gcás ar bith ina measfaidh an Coimisiún de réir na dtreoracha a d'eisigh an Roinn nach ndearna iarrthóir dá leithéid leorchúrsa in obair shaotharlainne/phraiticiúil. Chun na críche seo ba chóir taifid den obair phraiticiúil a choinneáil agus a bheith ar fáil lena n-iniúchadh.

36. Is iad na hábhair a shonraítear i rial 21 (2) (b) na hábhair i Scrúdú na hArdteistiméireachta bunaithe.

37. (a) (i) Taispeánfar torthaí Scrúdú na hArdteistiméireachta bunaithe i bhfoirm grád, gach grád díobh ag léiriú réimse céatadán marcanna mar a leanas:

Grád	Réimse marcanna céatadán	Grád	Réimse marcanna céatadán
A1	90 nó níos mó	C3	55 ach faoi bhun 60
A2	85 ach faoi bhun 90	D1	50 ach faoi bhun 55
B1	80 ach faoi bhun 85	D2	45 ach faoi bhun 50
B2	75 ach faoi bhun 80	D3	40 ach faoi bhun 45
B3	70 ach faoi bhun 75	E	25 ach faoi bhun 40
C1	65 ach faoi bhun 70	F	10 ach faoi bhun 25
C2	60 ach faoi bhun 65	Gan aon ghrád	Faoi bhun 10

- (ii) Bronnfar teastas grád a ghnóthaigh sé/sí sa scrúdú ar gach iarrthóir. Is mar ghráid amháin a thaispeánfar na torthaí ar na teastais.

(b) Leagfar amach páipéir ar leithligh ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal i ngach ábhar. Maidir le Gaeilge agus Matamaitic, leagfar amach páipéar ag an mBunleibhéal chomh maith.

(c) Mar chuid den scrúdú sna hábhair Gaeilge, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Rúisis agus Seapáinis déanfar trialacha cainte agus cluastuisceana. Cuirfear na marcanna a bhronnfar ag na trialacha seo leis na marcanna a gnóthaíodh sna páipéir scríofa agus socróidh líon iomlán na marcanna le chéile na gráid a ghnóthaigh iarrthóir sna hábhair seo.

- (d) Scrúdófar an siollabas athbhreithnithe i dTíreolaíocht trí scrúdú scríofa ceann cúrsa (80% de na marcanna) mar aon le measúnú ar thuairisc an iarrthóra ar imscrúdú geografach (20% de na marcanna). Scrúdófar an siollabas seo den chéad uair i 2006.
- (e) Scrúdófar an siollabas athbhreithnithe i Stair trí scrúdú scríofa ceann cúrsa (80% de na marcanna) agus measúnú ar thuairisc an iarrthóra ar staidéar taighde (20% de na marcanna). Scrúdófar an siollabas seo den chéad uair i 2006.
- (f) Scrúdófar an siollabas athbhreithnithe in Eacnamaíocht Bhaile trí scrúdú scríofa ceann cúrsa (80% de na marcanna ach amháin má roghnaíonn an t-iarrthóir an obair chúrsa phraiticiúil Teicstíle) mar aon le measúnú ar thuairisc an iarrthóra ar obair chúrsa phraiticiúil i Staidéar Bia (20% de na marcanna). Má roghnaíonn iarrthóir an obair chúrsa Teicstíle is é luach an scrúdú scríofa ceann cúrsa 70% de na marcanna. Is é 10% luach an obair chúrsa Teicstíle agus beidh 20% le gnóthú as an obair chúrsa phraiticiúil ar Staidéar Bia.
- (g) Ní ceadmhach d'iarrthóirí na hábhair seo a leanas a ghlacadh i dteannta a chéile:
- (i) Fisic agus Ceimic móide ceachtar díobh, Fisic nó Ceimic, ar leithligh.
 - (ii) Eacnamaíocht móide Eacnamaíocht Talmhaíochta.
 - (iii) Léann Clasaiceach móide Laidin.
 - (iv) Léann Clasaiceach móide Sean-Ghréigis.
 - (v) Stair móide Stair Eacnamaíoch.
- (h) I gcás **Ghairmchlár na hArdteistiméireachta**, bronnfar an teastas céanna ar iarrthóirí agus a bhronnfar ar iarrthóirí na hArdteistiméireachta bunaithe. De bhreis air seo beidh ráiteas breise ar theastais Ghairmchlár na hArdteistiméireachta a léireoidh torthaí mheasúnú na Nascmhodúl (Pas, Pas le Tuillteanas, Pas le Gradam).
- (i) I gcás na **hArdteistiméireachta Feidhmí**, bronnfar an teistiméireacht ag trí leibhéal:
- | | |
|--------------------|-------------|
| Pas | (60 - 69%) |
| Pas le Tuillteanas | (70 - 84%) |
| Pas le Gradam | (85 - 100%) |
- Bronnfar Taifead ar Thaithí ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos lú ná 60%.

TEISTIMÉIREACHTAÍ A THABHAIRT AMACH.

38. (i) Déanfar teistiméireachtaí a chur amach chuig na scoileanna a chuir na hiarrthóirí isteach ar na scrúduithe. Ní eiseofar teistiméireachtaí dúblacha, ach is féidir d'iarrthóirí ráiteas ceartdeimhnithe torthaí a fháil ar tháille chúí a íoc.
- (ii) Níor bhailí a thuilleadh d'aon Teastas nó d'aon ráiteas ceartdeimhnithe torthaí, a mbeadh athrú ar bith déanta air, agus d'fhéadfadh coigistiú bheith i gceist. D'fhéadfadh camastaíl a bheith i gceist le hiarracht ar bith ar úsáid a bhaint as Teastas, nó as ráiteas ceartdeimhnithe torthaí, a mbeadh athrú ar bith

déanta air, agus tharlódh sé go bhféadfaí an dlí a chur ar na daoine a dhéanfadh a leithéid.

ALT VII. – BOINN DO CHEAPADÓIREACHT I nGAEILGE.

39. D'fhonn ceapadóireacht i nGaeilge a chothú, féadfaidh an tAire, má léirítear leor-fhiúntas, suas le ceithre bhonn a bhronnadh gach bliain i leith na n-aistí is fearr i nGaeilge an Teastais Shóisearaigh (Ardleibhéal) agus an líon céanna bonn i leith na n-aistí is fearr i nGaeilge na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal).

Áireofar mar iarrthóir gach dalta a ligfear isteach faoi Riail 31 nó Riail 35 (1) agus a ghnóthóidh Grád A nó A1 faoi seach i nGaeilge (Ardleibéal) agus ní bheidh aon táille ar leith iníoctha.

ALT VIII. – FÓGRA GO bhFUIL SÉ AR INTINN DALTAÍ A CHUR ISTEACH AR SCRÚDUITHE: TÁILLÍ, Srl.

(A) – GNÁTH-IARRTHÓIRÍ.

40. Is ag údaráis Mheánscoile, Ghairmscoile, Choláiste Phobail, Scoile Pobail nó Scoile Cuimsithí amháin atá an cead chun daltaí a chur isteach ar scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta.

Ní mór d'údaráis scoile iarratas chun daltaí a chur isteach ar scrúduithe a dhéanamh ag an am agus ar an gcaoi atá forordaithe. Cuireann scoileanna na hiarrthóirí isteach ar scrúduithe ar an mbonn go gcuirfidh siad cóiríocht ar fáil do na hiarrthóirí sin.

41. Ní ghlacfar le hiontrálacha i ndiaidh an dáta atá fógartha do scoileanna mar an dáta is déanaí chun iontrálacha a chur isteach ach i gcúinsí fíor-eisceachtúla amháin. Ina leithéid de chásanna beidh táille dhéanach iníoctha de réir sceideal na dtáillí atá socraithe ag an Aire agus eisithe ag an gCoimisiún chuig na scoileanna maidir le scrúduithe bliana ar bith.

42. Tá gá le fianaise shásúil ar aois de réir Riail 24(1) a chur ar fáil maidir le gach dalta atá ainmnithe ar an bhfógra ach amháin má tugadh a leithéid d'fhianaise don Choimisiún cheana.

43. Fógrófar leibhéal na dtáillí maidir le scrúduithe 2005 ar leithligh chuig na húdaráis scoile. Ní ghearrtar táille ar iarrthóirí atá i seilbh cárta leighis nó atá ina gcleithiúnaithe tuismitheora nó caomhnóra ar sealbhóir cárta leighis bailí é nó í. Ní ghlacfar le cártaí leighis ach amháin má tá siad bailí ar an 1 Feabhra 2005 – an dáta a bhfuil an íocaíocht dlite sa Choimisiún.

44. Ní mór do bhainisteoir nó ardmháistir nó ardmháistreás na táillí scrúdaithe d'iarrthóirí atá curtha isteach ar scrúdú a tharchur chun a bheith leis an gCoimisiún faoin 1 Feabhra ar a dhéanaí. Níl táillí scrúdaithe inaisíoctha ach amháin i gcúinsí fíor-eisceachtúla. Coinníonn an Coimisiún an ceart chun cead isteach sna scrúduithe

Teastais a dhiúltú d'iarrthóir ar bith nach bhfuil an táille chuí, táille dhéanach san áireamh, faighte ina leith, nó torthaí an scrúdaithe a choinneáil siar.

(B) – LEANAÍ Ó THÍORTHA THAR LEAR

45. Leanaí ó thíortha thar lear, féadfaidh siad aon ábhar eile ó liosta na n-ábhar ceadaithe a thógáil in ionad na Gaeilge chun críche Riail 21(1)(a) agus (b) “Díolúine ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge”.

(C) - DÍOLÚINE Ó STAIDÉAR A DHÉANAMH AR AN nGAEILGE

46. D'fhéadfaí cead a thabhairt do dhaltaí sna cúinsí seo a leanas aon ábhar ar bith ó liosta na n-ábhar ceadaithe a thógáil in ionad na Gaeilge chun críche Riail 21(1)(a) agus (b):-

- (a) Daltaí a fuair a mbunoideachas suas go 11 bliain d'aois i dTuaisceart Éireann nó lasmuigh d'Éirinn;
- (b) Daltaí a bhí ar rolla bunscoile nó scoile dara leibhéal mar dhaltaí aitheanta roimhe seo agus atá á gcur ar an rolla arís tar éis tréimhse a bheith caite thar lear acu ar choinníoll go bhfuil trí bliana imithe ar a laghad ó bhí siad ar an rolla roimhe seo sa Stát agus go bhfuil an dalta 11 bliain d'aois ar a laghad an tráth a chuirtear ar an rolla arís é/í;
- (c) Daltaí
 - (i) a fheidhmíonn ó thaobh intleachta de ar an meánleibhéal nó os a chionn ach a bhfuil **Míchumas Foghlama Sainiúil** orthu atá chomh tromchúiseach sin go dteipeann orthu na leibhéal ghnóthachtála i mbunscileanna teanga sa teanga dhúchais a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach, nó
 - (ii) a rinneadh a mheas mar dhaltaí a bhfuil **míchumas foghlama ginearálta de thoradh ar lagú trom intleachtúil [is é sin, míchumas intleachtúil]** orthu agus a dteipeann orthu ina theannta sin leibhéal chuí i mbunscileanna teanga sa teanga dhúchais a bhaint amach.
 - (iii) a rinneadh a mheas mar dhaltaí a bhfuil **míchumas foghlama ginearálta de thoradh lagú trom céadfach** orthu agus a dteipeann orthu ina theannta sin leibhéal chuí i mbunscileanna teanga sa teanga dhúchais a bhaint amach.

Ba chóir go gcuirfí fianaise ar a leithéid de mhíchumas ar fáil ó shíceolaí cáilithe agus i gcás (iii) le tacú tuairisce le saineolaí leighis cuí. Ina theannta sin ba chóir don scoil tuairisc iomlán ar an dalta a chur ar fáil.

(d) Bheadh ar dhaltaí ó thíortha thar lear nach bhfuil aon tuiscint ar an mBéarla acu nuair a chuirtear ar an rolla iad staidéar a dhéanamh ar aon teanga amháin, Gaeilge nó Béarla.

Nuair a ghlacann scoil le páiste a mbaineann an riail seo leis féadfaidh an t-údarás bainistíochta díolúine a thabhairt dó de réir na nósanna imeachta agus na gcritéar atá leagtha amach in Imlitir M10/94 (féach Aguisín 7).

ALT IX. – CEAD ISTEACH SPEISIALTA SNA SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA.

(D) – FORÁLACHA SPEISIALTA

47. (a) (i) Ach amháin de réir na bhfo-alt (b) agus (c) seo a leanas, féadfar cead isteach i Scrúdú na hArdteistiméireachta a thabhairt d'iarrthóir nach bhfuil ina dhalta aitheanta tar éis dó/di an táille chuí a íoc ar choinníoll go

bhfuil 12 mhí ar a laghad imithe idir deireadh Idirbhliain an iarrthóra nó deireadh bhliain dheiridh an iarrthóra mar dhalta sóisearach aitheanta *cibé acu is déanaí*, agus tús na scoilbhliana ina ndéantar an Scrúdú,
nó

i gcás iarrthóra nach raibh ina dhalta sóisearach aitheanta nó ina dhalta Idirbhliana, ar choinníoll go bhfuil 17 mbliana slánaithe aige/aici ar an 31 Iúil nó roimhe sin i mbliain an scrúdaithe.

(ii) Iarrthóir nach dalta aitheanta iar-bhunscoile é/í ach atá ag freastal ar chúrsa staidéir ceadaithe lasmuigh den Stát nó atá ag freastal ar chúrsa staidéir atá eagraithe faoin Scéim Deiseanna Gairmoiliúna, faoin Scéim um Litearthacht Aosach agus Oideachas Pobail nó faoin Scéim Dara Leibhéil de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh do Dhaoine Dífhostaithe nó scéim atá cosúil léi, d'fhéadfaí cead isteach sna scrúduithe Ardteistiméireachta nó Teastais Shóisearaigh a thabhairt dó/di tar éis an táille chuí a íoc.

(b) Bronnfar cion de na marcanna atá leithdháilte ar na hábhair Eacnamaíocht Bhaile, Staidéar Foirgníochta, Eolaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht Talmhaíochta agus Innealtóireacht trí mheasúnú a dhéanamh ar an obair phraiticiúil a dhéanann na daltaí le linn a gcúrsa staidéir.

Ní ghlacfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leis an Obair Chúrsa Phraiticiúil le haghaidh a measúnaithe ach amháin má tá sí curtha i gcrích faoi na coinníollacha seo a leanas (Mínítear na socrúithe ina n-iomláine in Imlitreacha S74/03 agus S75/03 de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit):

- Ní mór an t-ábhar a bheith ar an tráthchlár (agus an tráthchlár a bheith ar fáil do phearsanra an Choimisiúin)
- Ní mór an t-ionad scoile a bheith ar fáil le haghaidh monatóireachta a dhéanadh pearsanra an Choimisiúin
- Ní mór an Obair Chúrsa Phraiticiúil a chur i gcrích faoi na coinníollacha riachtanacha atá leagtha amach i ndáil le gach ábhar ar leith
- Ní mór Obair Chúrsa Phraiticiúil a dhéanamh faoi mhaoirseacht múinteoir ranga agus ní mór don múinteoir agus don phríomhoide í a

fhíordheimhniú de réir na hImlitreach seo

Ina theannta sin ní mór an Obair Chúrsa Phraiticiúil a dhéanamh in ionad ainmnithe ina bhfuil na háiseanna cuí d'Obair Chúrsa Phraiticiúil don dalta aonar ar fáil i gcás **Eacnamaíocht Bhaile, Staidéar Foirgníochta agus Innealtóireacht na hArdteistiméireachta**.

- (c) Ós rud é gur cuireadh na siollabais Ceimice, Fisice agus Bitheolaíochta le chéile ar an mbonn go gcaithfidh na daltaí méid ama cuí i mbun obair shaotharlainne/praiticiúla ní ligfear iarrthóir isteach ar Scrúdú na hArdteistiméireachta sna hábhair sin i gcás ar bith a measann an Coimisiún de réir na dtreoracha atá eisithe ag an Roinn nach bhfuil cúrsa cuí obair shaotharlainne/obair phraiticiúil déanta ag iarrthóir dá leithéid. Chun na críche seo ba chóir taifid ar an obair phraiticiúil atá déanta aige a choinneáil agus ba chóir iad a bheith ar fáil le haghaidh a n-iniúchta ag an gCoimisiún.
- (d) (i) Ní ceadmhach d'iarrthóirí an scrúdú a sheasamh ach amháin sna hábhair úd a luafar ar an bhfoirm iarratais a chuirfear go dtí an Coimisiún.
- (ii) Bronnfar teistiméireacht a thaispeánfaidh na gráid a ghnóthaigh sé/sí ar gach iarrthóir a dtabharfar cead isteach sa scrúdú dó/di faoin riail seo.

48. Ba chóir iarratais ar na foirmeacha cuí ó na hiarrthóirí a bheith leis an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 30 Samhain. Féadfar glacadh le hiarratas áfach, sa tréimhse ón 1 Nollaig go 1 Feabhra ar tháille dhéanach in aghaidh an ábhair i dteannta na gnáth-tháille iomláine a íoc. I gcúinsí fíor-eisceachtúla agus sna cúinsí sin amháin a ghlacfar le hiarratas a dhéanfar i ndiaidh an 2 Feabhra. I gcásanna dá leithéid beidh táille dhéanach bhreise in aghaidh an ábhair iníoctha.

Cuirfear na hiarrthóirí chuig an ionad scrúdaithe is caoithiúla ina mbeidh áit dóibh.

Ní dhéanfar táille scrúdaithe a aisíoc ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, mura gcuirtear fógra go dtí an Coimisiún faoin 1 Feabhra ar a dhéanaí, go bhfuil an t-iarratas ar chead isteach sa scrúdú á tharraingt siar.

ALT X. – RANGANNA I SCOILEANNA NÁISIÚNTA ATÁ AG FÁIL TEAGAISC SA CHLÁR MEÁNSCOILE A AITHINT.

49. Ba chóir do bhainisteoirí scoile ar mian leo aitheantas a fháil faoi théarmaí Riail 23 le haghaidh cúrsaí teagaisc sa chlár seo iarratas air sin a dhéanamh ar na foirmeacha ordaithe. Tá siad ar fáil ón Ard-Rúnaí, Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Chraobh Bhunscolaíochta, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Ba chóir na foirmeacha seo agus iad comhlánaithe mar is cuí, a chur go dtí an Cigire Ceantair áitiúil Scoileanna Náisiúnta tráth nach déanaí ná an 15 Meán Fómhair. Ní mór iarratas ar aitheantas a chur isteach gach bliain.

Má dhéantar aon athrú ina dhiaidh sin maidir le foireann, eagrú, tráthchlár srl. ar na sonraí a tugadh ar na foirmeacha sin ba chóir é sin a chur in iúl láithreach don Roinn agus don Chigire Ceantair.

50. Is iad seo a leanas na coinníollacha a bhaineann le haitheantas a thabhairt agus a bhuanú, i gcás scoileanna náisiúnta, do ranganna a bheidh ag fáil teagaisc sa Chlár do Mheánscoileanna –

- (a) go bhfuil ardchaighdeán oibre á choinneáil i ngnáthranganna bunscoile na scoile;
- (b) go bhfuil leorlón foirne i bhfeighil na ranganna atá ag gabháil don chlár meánscolaíochta agus go bhfuil leorcháilíochtaí ag gach duine díobh;
- (c) go bhfuil an chóiríocht oiriúnach;
- (d) nach bhfuil fáil cheana féin ar oideachas meánscoile ag na daltaí agus nach acmhainn dóibh é;
- (e) go bhfuil na cúrsaí teagaisc atá beartaithe do na ranganna ceadaithe ag an Aire.

Féadfar aitheantas ranganna a bheidh ag gabháil don char meánscoile i scoileanna náisiúnta a tharraingt siar tráth ar bith mar gheall ar neamhchomhlíonadh aon cheanglais nó ceanglas acu sin roimhe seo.

51. Is iad múinteoirí a bheidh ann do na ranganna mar sin

- (a) Daoine atá cáilithe mar Phríomhoidí nó Oidí Cúnta faoi Rialacha na Scoileanna Náisiúnta, ach an tAire a bheith sásta go bhfuil na múinteoirí atá molta do ranganna dá leithéid cáilithe chun teagasc a thabhairt sna hábhair agus sna cúrsaí a glacadh idir lámha.
- (b) Daoine seachas iad sin ag (a) a bhfuil céim Ollscoile acu agus/nó cáilíochtaí speisialta i Laidin, Fraincis, Líníocht, Tráchtáil srl. Aithnítear céimithe Ollscoile a bheith cáilithe chun na hábhair inar éirigh leo i scrúdú na céime a mhúineadh.

Ní foláir don scoil ina hiomláine áfach, na gnáth-rialacháin a chomhlíonadh maidir leis an líon múinteoirí cáilithe bunscoile – ní aithneofar na daoine a luaitear ag (b) ach amháin i gcás ina gcomhlíontar an coinníoll seo.

52. (a) Baineann na coinníollacha maidir le curaclaim, cúrsaí teagaisc, scrúduithe srl. a shonraítear in Ailt IV agus VI de na rialacha seo, le ranganna agus daltaí scoile náisiúnta a n-iarrtar aitheantas dóibh le haghaidh an teagaisc a thugtar sa chlár meánscoile.
- (b) Maidir leis seo ciallaíonn “dalta aitheanta” dalta –
- (i) atá 12 bhliain d’aois ar a laghad ar an 1 lá d’Eanáir na scoilbhliana;
 - (ii) a bhfuil, de ghnáth, cúrsa iomlán bunoidreachais críochnaithe aige; agus
 - (iii) a dhéanfaidh 70 tinreamh ar a laghad mar a bheidh breactha sa leabhar tinrimh a sholáthróidh an Roinn, ag cúrsa ceadaithe.

- (c) Ní ceadmhach tinreamh aon dalta tar éis an dáta a shlánaigh sé/sí 18 mbliana d'aois a chur sna tuairisceáin a ndéanfar íocaíocht ina leith as deontais a riarann Brainse Bhunoideachais na Roinne.
53. (a) Coimeádfar leabhar tinrimh ar leithligh (a sholáthróidh an Roinn) i leith na ndaltaí sin a bheidh os cionn 18 mbliana d'aois, agus nach ceadmhach a n-ainmneacha a choinneáil ar leabhar tinrimh na scoile náisiúnta. Meabhraítear aird a thabhairt ar na treoracha clóbhuailte ar gach leabhar tinrimh, ach ní gá colúin 1 go 6 atá faoi dheimhnithe breithe a thabhairt a líonadh. Ba chóir an leabhar tinrimh sin a chur chun na Roinne tráth nach déanaí ná an 31 Iúil.
- (b) Ní gá leabhar tinrimh ar leithligh i gcás daltaí nach mbeidh 18 mbliana d'aois slánaithe acu, ach déanfar ráiteas, faoi dheimhniú an Bhainisteora, ar an méid tinreamh a rinne gach dalta a chur chun na Roinne ag deireadh na scoilbhliana.
- (c) Ní cóir an míniú ar “tinreamh” atá clóbhuailte ar an leabhar tinrimh speisialta do mheánranganna a ghlacadh ina mhaolú ar an míniú ar “tinreamh” chun críche Rialacha na Scoileanna Náisiúnta.

54. Múinteoirí meánranganna ar comhaltaí iad d'fhoireann aitheanta na scoile náisiúnta nó ar múinteoirí cúnta tuata aitheanta de bhreis ar an gcuóta iad, beidh siad faoi réir cigireachta ginearálta de réir Rial 161 de Rialacha agus Rialacháin na Scoileanna Náisiúnta.

55. Ní thabharfaidh aithint ranganna faoi Rial 23 aon teideal chun aitheantas a fháil ina dhiaidh sin mar mheánscoil mar a mhínítear sna rialacha seo.

ALT XI. – IOMPAR IARRTHÓIRÍ LE LINN SCRÚDUITHE.

56. Tá ar gach iarrthóir é féin/i féin **freagracht a ghlacadh** as laethanta agus uaireanta na scrúdaithe sna hábhair ina bhfuil sé ar intinn aige/aici dul faoi scrúdú, de réir mar atá socraithe ar an tráthchlár, a thabhairt dá (h)aire.

Caithfidh na hiarrthóirí a bheith i láthair i halla an scrúdaithe leathuair a chloig ar a laghad sula dtosófar ar an gcéad scrúdú san ábhar ina mbeidh siad ag dul faoi scrúdú. Na laethanta ina dhiaidh sin caithfidh siad a bheith i láthair deich nóiméad ar a laghad roimh an am a bheidh luaite sa tráthchlár. Beidh iarrthóirí freagrach as a gcuid socruithe féin a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh siad in am i halla an scrúdaithe.

Caithfidh iarrthóirí seachtracha rolla tinrimh (Foirm E10A) a shíniú ag tús gach scrúdaithe. Caithfidh an síniú ar an rolla sin a bheith **mar an gcéanna leis an síniú ar chárta aitheantais an iarrthóra agus a bheith sa bhformáid chéanna.**

Ní ligfear aon iarrthóir isteach chuig an scrúdú in aon pháipéar tar éis 30 nóiméad den am don pháipéar seo a bheith caite.

57. Ní ceadmhach d'aon iarrthóir halla an scrúdaithe a fhágáil go ceann leathuair an chloig i ndiaidh an ama a thosaigh an scrúdú.

58. Ní ceadmhach d'aon iarrthóir halla an scrúdaithe a fhágáil le linn tréimhse an scrúdaithe ach amháin má tá an Feitheoir sásta go bhfuil gá macánta ag an iarrthóir leis an halla a fhágáil (m.sh. de dheasca breoiteachta nó gá práinneach dul go dtí an leithreas, srl.). Ní ligfear iarrthóir a fhágann an halla le linn tréimhse ar bith de scrúdú isteach arís le linn na tréimhse sin ach amháin má bhí an t-iarrthóir faoi chúram ionadaí údarás na scoile agus mura raibh, go raibh sé/sí faoi chúram an Fhreastalaí le linn na tréimhse ar fad a bhí sé/sí as láthair.

Caithfidh an t-iarrthóir an freagarleabhar agus an páipéar scrúdaithe a thabhairt don bhFeitheoir ar fhágáil an halla dó/di; ba chóir don bhFeitheoir an t-am a d'fhág an t-iarrthóir an halla agus an t-am a d'fhill sé/sí a bhreacadh ar chlúdach an fhreagarleabhair mar aon leis an gcúis leis an neamhláithreach; ní féidir an t-am a chaill an t-iarrthóir a chúiteamh ag deireadh na tréimhse scrúdaithe.

Ba chóir sonraí faoi tharlú dá leithéid a thuairisciú ar liosta faisnéise cuí.

59. Iarrthóir a fhágfaidh halla an scrúdaithe roimh dheireadh aon tréimhse scrúdaithe, ní foláir dó/di an páipéar scrúdaithe a thabhairt suas don bhFeitheoir.

60. Ní foláir d'iarrthóir fanacht le linn an scrúdaithe go léir san ionad a cheapfaidh an Feitheoir dó/di ar dtús, mura n-ordóidh an Feitheoir a mhalairt dó/di.

61. Ba chóir d'iarrthóir a lámh a ardú más mian leis/léi aire an Fheitheora a tharraingt le linn an scrúdaithe.

Is ar an iarrthóir atá an fhreagracht a chinntiú go gcuirfidh sé/sí ar a shúile don bhFeitheoir mura bhfuil an leibhéal ceart den pháipéar scrúdaithe faighte aige/aici ag gach scrúdú atá sé ag dul a dhéanamh.

62. Ní ceadmhach d'iarrthóir ar bith a (h)ainm ná a s(h)loinne a scríobh ar aon fhreagarleabhar ná ar aon pháipéar scrúdaithe a thabharfar dó/di. Ba chóir uimhir an iarrthóra a bhreacadh ar gach clúdach, freagarleabhar, léarscáil, saothar líníochta nó leathanach de pháipéar cearnaithe a úsáidfidh sé/sí. Ná cuireadh iarrthóirí tús le scríobh go dtí go dtabharfaidh an Feitheoir treoir dóibh déanamh amhlaidh.

63. Ní mór d'iarrthóir na sonraí a iarrfar maidir leis an ábhar srl. a bhreacadh ar na clúdaigh agus na freagarleabhair a úsáideann sé/sí.

64. Aon fhreagarleabhar breise, páipéar cearnaithe breise srl. a thugtar don iarrthóir, cibé acu ar baineadh nó nár baineadh úsáid as, ba chóir é a chur faoi iamh leis an bhfreagarleabhar sula séalaítear é leis an scorán comhaid a sholáthraítear chuige seo. Tabharfaidh an Feitheoir Táblaí Matamaitice d'iarrthóirí. **Ní ceadmhach** dóibh a gcuid Táblaí Matamaitice féin a thabhairt isteach i halla an scrúdaithe.

65. Ní ceadmhach d'iarrthóir na rudaí seo a leanas a thabhairt isteach i halla an scrúdaithe nó iad a bheith ina s(h)eilbh, faoina smacht nó in aice láimhe le linn dó/di a bheith ina leithéid de sheomra –

(a) leabhar nó páipéar ar bith (ach amháin a C(h)árta Aitheantais más

gá, an páipéar scrúdaithe agus na freagarleabhair srl. siúd a thug an Feitheoir dó/di);

nó

- (b) meabhrán, nótaí ná fón póca ar bith, ná leabhar seoltaí leictreonach, banc sonraí srl. ach amháin áireamhán mar atá ceadaithe faoi na rialacháin nó foclóir aistriúcháin dátheangach más rud é gur ceadáíodh é.

66. I gcás scrúdú praiticiúil ealaíne (is é sin, líníocht, ceardaíocht), tá cead ag iarrthóirí an t-ábhar siúd a thabhairt isteach i halla an scrúdaithe a fhógraíonn an Coimisiún do scoileanna.

67. Ní ceadmhach d'iarrthóir, le linn dó/di a bheith i halla an scrúdaithe –

- (a) aon leabhar, meabhrán, nótaí ná páipéar (ach amháin an páipéar scrúdaithe agus cibé freagarleabhar srl. a thabharfaidh an Feitheoir dó/di agus foclóir aistriúcháin dátheangach más rud é gur ceadáíodh é) a úsáid ná a thabhairt faoina úsáid; ná
- (b) cabhrú, ná tabhairt faoi chabhrú, le hiarrthóir ar bith; ná
- (c) cabhair a ghlacadh, ná féachaint le cabhair a fháil ó iarrthóir eile ná ón bhFeitheoir;
- ná
- (d) cumarsáid a dhéanamh ná tabhairt faoi chumarsáid a dhéanamh ar shlí ar bith le hiarrthóir eile laistigh den ionad nó trí mheáin leictreonacha le duine lasmuigh den ionad.

68. Ní ceadmhach d'iarrthóir –

- (a) scríobh ar an bpáipéar scrúdaithe (ach amháin nuair a chaitear freagraí a scríobh ar chuid den bpáipéar scrúdaithe féin m. sh. sa Mhatamaitic) ná ar an gCárta Aitheantais ná ar na Táblaí Matamaitice ná aon cheann de na huirlisí matamaitice a thabharfaidh sé/sí isteach leis/léi ach amháin má úsáideann an t-iarrthóir peann aibhsithe nó má tharraingíonn sé/sí líne faoi mar chúnamh chun an páipéar scrúdaithe a léirmhíniú;
- (b) aon ní a scríobh ina fhreagarleabhar nach mbainfidh go díreach le hábhar na gceisteanna a bheidh le freagairt;
- (c) aon bhileog ná cuid de bhileog a bhaint as an bhfreagarleabhar;
- (d) aon fhreagarleabhar, cibé acu, úsáidte nó gan a bheith úsáidte, a thabhairt amach as halla an scrúdaithe;
- (e) damáiste a dhéanamh do halla an scrúdaithe ná don troscán ann.

69. Iarrthóir a mbeidh a c(h)uid oibre críochnaithe aige/aici deich nóiméad ar a laghad roimh an am a bheidh ceaptha do chríoch an scrúdaithe, féadfar ligean dó/di an halla a fhágáil ar na nithe seo a leanas a thabhairt suas don bhFeitheoir:-

- (a) a f(h)reagarleabha(i)r agus
- (b) an páipéar scrúdaithe.

70. Iarrthóir a chríochnóidh a c(h)uid oibre le linn na ndeich nóiméad deireanacha den scrúdú is ceart dó/di fanacht ina s(h)uíochán nó go mbaileoidh an Feitheoir a f(h)reagarleabha(i)r agus ní cóir dó/di ansin an halla a fhágáil go dtí an t-am a bheidh ceaptha do chríoch an scrúdaithe, mura dtuga an Feitheoir cead dó/di.

71. Nuair a bheidh an scrúdú críochnaithe is cóir do gach iarrthóir a f(h)reagarleabha(i)r nó clúdach a shéalú láithreach, mura bhfuil sin déanta cheana féin aige/aici, agus fanacht ina s(h)uíochán nó go mbaileoidh an Feitheoir a f(h)reagarleabha(i)r.

72. I ngach ní a bhainfidh leis an scrúdú, géillfidh an t-iarrthóir d'orduithe an Fheitheora agus déanfaidh dá réir.

73. I gcás na n-ábhar sin ina mbeidh níos mó ná páipéar amháin, ní foláir d'iarrthóir na páipéir uile in ábhar a thógáil ó aon leibhéal amháin, mar shampla, gach páipéar ag an nGnáthleibhéal nó an Ardleibhéal. Ní ceadmhach go bhfaigheadh ná go bhfeicfeadh sé/sí na páipéir a bhaineann le níos mó ná cúrsa nó leibhéal amháin san ábhar céanna.

74. Ní mór do gach iarrthóir a dhéanann scrúdú i Staidéar Foirgníochta, Líníocht Theicniúil, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) nó Grafaic Theicniúil clár líníochta, T-bhacart, meá, dronbhacairt, uillinntomhas, compás, peann luaidhe, scriosán agus fáiscíní líníochta nó téip a thabhairt leis/léi.

Tá cead ag iarrthóirí uirlisí líníochta matamaitice a úsáid i ngach scrúdú. Tá cead stionsail eolaíochta a úsáid i scrúduithe sna hábhair Eolaíochta. Tá cead téad, snáithe, gloine formhádúcháin agus opasaiméadair a úsáid sa scrúdú Tíreolaíochta.

Ceadaítear áireamhán a úsáid i ngach scrúdú faoi réir na rudaí seo a leanas:

- (a) Ní sholáthróidh an Coimisiún ná an Roinn áireamhán do na hiarrthóirí agus ní bheidh na hionaid scrúdaithe freagrach as áireamhán ná ceallraí a chur ar fáil.
- (b) Is é an t-iarrthóir atá freagrach as riocht oibre ceart an áireamháin. Ní thabharfar aon lámháltas má chliseann áireamhán le linn an scrúdaithe.
- (c) Ní mór áireamhán a bheith ciúin agus gan soláthar cumhachta seachtrach ag teastáil uathu.
- (d) Ní ceadmhach áireamhán a fháil ar iasacht ó iarrthóirí eile le linn an scrúdaithe.
- (e) Ní ceadmhach áireamhán ar féidir iad a ríomhchlárú a úsáid. Áirítear ar an téarma 'ar féidir iad a ríomhchlárú' áireamhán ar bith atá in acmhainn seicheamh buillí eochrach a stóráil chun teacht a fháil orthu níos déanaí agus a rith. Ina theannta sin áirítear áireamhán inar féidir leis an úsáideoir foirmle nó sloinn eile den sórt sin a iontráil. Ní hionann gur féidir áireamhán a ríomhchlárú áfach, más féidir uimhreacha a stóráil i suíomh sa chuimhne amháin nó i mbreis suíomhanna sa chuimhne, nó más féidir nósanna imeachta a rith nach féidir leis an úsáideoir a mhionathrú.
- (f) Ní ceadmhach áireamhán ghrafaicí a úsáid.

- (g) Ní ceadmhach áireamhain a bhfuil ceann ar bith de na háiseanna seo a leanas acu a úsáid:
- bainc shonraí
 - foclóirí
 - aistriúcháin teanga
 - aisghabháil téacs
 - cumas cian-chumarsáide
- (h) Ní mór d'iarrthóirí déantús agus múnla áireamhá(i)n ar bith a úsáideann siad sa scrúdú a chur in iúl ar a bhfreagarleabhair.
- (i) Ní ceadmhach d'iarrthóirí lámhleabhar treorach a thabhairt isteach i halla an scrúdaithe. Áirítear air seo treoracha atá priontáilte ar chlúdach an áireamhain.

De réir na rialach seo ní ceadmhach d'iarrthóir aon ghléas a thabhairt isteach in ionad an scrúdaithe a mbeadh cosc air de ghnáth. Go sonrach, ní ceadmhach fóin phóca, eagraithe leictreonacha nó gléasanna dá leithéid a úsáid ar chúinse ar bith (féach riail 65).

75. Féadfar iarrthóir a chur as halla an scrúdaithe má iompraíonn sé/sí é/í féin ar shlí a chuireann cur i gcrích rathúil an scrúdaithe i mbaol. Má chuirtear ábhar nádúir phornagrafaigh isteach nó má chuirtear airgead/seic faoi iamh leis an script d'fhéadfadh go ndéanfaí an scrúdú a dhícheadú i ngach ábhar.

76. Má mheasann an Coimisiún gur sáraíodh na Rialacha seo ba chóir dó an Roinn a chur ar an eolas agus is faoin Aire a bheidh sé cinneadh a dhéanamh faoin bpionós a bheidh le gearradh. Aon iarrthóir a measfaidh an tAire gur sháraigh sé/sí ceann ar bith de na rialacha seo nó go ndearna sé/sí iarracht ar thoradh scrúdaithe nach bhfuil tuilte aige/aici a fháil nó gur bhain sé/sí úsáid, nó go ndearna sé/sí iarracht ar úsáid a bhaint as a leithéid de thoradh, nó gur thug sé eolas mícheart ó thaobh a (h)iarrthóireachta de, féadfar an scrúdú nó marcanna a bhaint de/di, nó cibé méid is dóigh leis an Aire is ceart a bhaint d'aon suim atá iníoctha maidir le haon deontas nó scoláireacht a fuair sé/sí, de réir tromchúise a c(h)iona i dtuairim an Aire; agus féadfaidh an tAire, más cuí leis é, ainm, sloinne agus seoladh an iarrthóra, mar a tugadh iad san fhógra go raibh ar intinn aige dul faoi scrúdú, a fhoilsiú mar ainm, sloinne agus seoladh an iarrthóra ar gearradh an pionós sin air agus féadfaidh an tAire an t-iarrthóir a thoirmeasc ar chur isteach ar cheann ar bith de na scrúduithe a eagraíonn an Roinn Oideachas agus Eolaíochta go ceann cibé tréimhse a shocraíonn an tAire, de réir tromchúise a c(h)iona i dtuairim an Aire.

ALT XII. – CUMHACHTAÍ GINEARÁLTA.

77. Féadfaidh an tAire, le hordú, ginearálta nó speisialta, fadú a dhéanamh ar an am a cheaptar leis na rialacha seo chun aon ní, nó aon aicme nithe, a dhéanamh, agus beidh an t-ordú sin bailí fiú amháin i gcás é a dhéanamh i ndiaidh an ama a cheaptar chun a dhéanta a bheith caite.

78. Féadfaidh an tAire agus/nó an Coimisiún cibé sonraí is oiriúnach leis i dtaobh torthaí na Scrúduithe Teistiméireachta, agus cibé eolas eile is oiriúnach leis ina dtaobh, a fhoilsiú.

79. Beidh breith an Aire ar aon cheist a bhainfidh le forléiriú na rialacha seo ina breith chríochnaitheach dhochloíte.

ALT XIII. – CUMHACHTAÍ SPEISIALTA I GCÁSANNA EISCEACHTÚLA.

80. I gcás ina dtarlóidh tionóisc nó neamhrialtacht, nó ina dtarlóidh cúinsí speisialta eile, féadfaidh an Coimisiún ordú an dara scrúdú a chomóradh cibé ionad nó ionaid is oiriúnach leis, in aon mhír d'ábhar an scrúdaithe; agus déanfar, chun gach intinne agus críche, na gráid a gheofar sa dara scrúdú sin a áireamh ionann is dá mba sa chéad scrúdú a fuarthas iad, mura n-ordóidh an Coimisiún a mhalairt nuair a bheidh sé á ordú an dara scrúdú a chomóradh.

81. Má tharlaíonn trí dhearmad ar bith, nach mbronnfar ar iarrthóir na gráid a mbeidh teideal aige/aici chucu de réir a c(h)uid freagraí, féadfaidh an Coimisiún dámhachtain na scrúdaitheoirí a leasú de réir na bhfioras, agus breith a thabhairt go bhfuair an t-iarrthóir deontas nó scoláireacht, má bhíonn teideal aige/aici chuige sin de réir a c(h)uid grád arna leasú.

82. Má bhíonn aon liosta daltaí, aon éileamh nó dearbhú, nó aon fhoirm nó táille ordaithe eile, gan an Oifig a shroicheadh ar an dáta ordaithe nó roimhe, féadfaidh an Coimisiún, as a chomhairle féin, a cheadú an liosta, an t-éileamh, an dearbhú, an fhoirm nó an táille a ghlacadh tar éis an dáta sin.

83. Má fhágann bainisteoir ar lár as aon liosta daltaí, as aon éileamh nó dearbhú, nó as aon fhoirm ordaithe eile, ainm agus sloinne aon mhic léinn a bhféadfaí a (h)ainm agus a s(h)loinne a chur ann, féadfaidh an Coimisiún, as a chomhairle féin, má bhíonn sé sásta gur leor an chúis a bheidh luaite sa mhíniú, a cheadú an liosta, an t-éileamh, an dearbhú nó an fhoirm ordaithe eile a leasú tríd an ainm agus an sloinne nó na hainmneacha agus na sloinnte a chur leis.

84. Más rud é go bhfágfar gan lua, nó go luafar go hearráideach, aon ní ábhartha i bhfógra faoi Riall 41, féadfaidh an Coimisiún a cheadú an fógra sin a leasú laistigh de cibé am a chinnfidh sé.

ALT XIV. – TOSACH FEIDHME NA RIALACHA.

Tháinig na rialacha roimhe seo i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair, 2004.